Corraíl Shibhialta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaoine óga ag léirsiú in éadan a rialtais. Cá bhfuil an chorraíl shibhialta seo ag dul ar aghaidh, dar leat? Féach ar an bpictiúr chun cuidiú leat.

Déan plé leis an duine in aice leat faoin méid atá ar eolas agat faoin scéal.

Ceist 2 An féidir leat Gaeilge a chur ar na focail seo?

1. abroad _____
2. civil servants _____
3. headquarters _____
4. warning _____
5. demonstrators _____
6. despite _____
7. quietening _____
8. protest _____
9. general election _____
10. by the strong arm _____
11. deaf ear _____

Anois, féach ar an tuairisc agus aimsigh an leagan Gaeilge de na focail inti.

Ceist 3

A. Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht gach a raibh ann a insint don duine in aice leat. Éist leis an duine sin ansin nuair a dhéanann sé cur síos duitse.

B. Scríobhaigí achoimre ghearr ar an mír anois.

Ceist 4 '…***i* gceanncheathrú...'

Féach:

i	=	in	**i gCúba**
in roimh ghuta			**in Albain**
sa (i + an)	=	in the	**sa Spáinn**
san roimh ghuta			**san Iodáil**

Anois, líon na bearnaí san abairtí seo:

1. Tá an Róimh ____ Iodáil.
2. An raibh tú riamh ____ Ghearmáin.
3. Níl aon bhainne ____ bhuidéal.
4. Is mór an trua nach bhfuil aon airgead agam ____ bhanc.
5. Nach bhfuil sé ina chónaí ____ nDún Droma?
6. Bhí mé ar laethanta saoire ____ Albain.
7. Cad atá ____ uisce?

Ceist 5 '…thar lear…'

Cuir na nathanna cainte eile seo a bhfuil an focal *thar* iontu in abairtí lena mbrí a léiriú:

- thar ceann
- thar barr
- dul thar bráid
- dul thar ceal le
- dul thar fóir le
- thar sáile

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Dá mbeifeá i do chónaí i Hong Cong an mbeifeá ag léirsiú, dar leat?
2. An tír dhaonlathach í Éire? Cad iad na gnéithe dár saol a léiríonn seo?
3. Cad iad na tíortha atá ar eolas agat nach bhfuil daonlathach?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

1. abroad	*thar lear*
2. civil servants	*státseirbhísigh*
3. headquarters	*ceanncheathrú*
4. warning	*foláireamh*
5. demonstrators	*léirsitheoirí*
6. despite	*ainneoin*
7. quietening	*ag ciúnú*
8. protest	*agóid*
9. general election	*olltoghchán*
10. by the strong arm	*le lámh láidir*
11. deaf ear	*cluas bhodhar*

Ceist 3

A. Iarr ar gach beirt achoimre na míre a rá os ard dá chéile.
B. Abair leo ansin an achoimre a scríobh amach.

Ceist 4

1. Tá an Róimh ***san*** Iodáil.
2. An raibh tú riamh ***sa*** Ghearmáin.
3. Níl aon bhainne ***sa*** bhuidéal.
4. Is mór an trua nach bhfuil aon airgead agam ***sa*** bhanc.
5. Nach bhfuil sé ina chónaí ***i*** nDún Droma?
6. Bhí mé ar laethanta saoire ***in*** Albain.
7. Cad atá ***san*** uisce?

Ceist 5

thar ceann – *on behalf of*
thar barr – *excellent*
dul thar bráid – *pass, passing*, *to pass by*
dul thar ceal le – *to go too far*
dul thar fóir le – *to go too far*
thar sáile – *abroad*

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Thar lear tá státseirbhísigh i Honk Cong tar éis filleadh ar a gcuid oibre i gceanncheathrú an rialtais. Bhí foláireamh tugtha ag an rialtas do léirsitheoirí imeacht as an áit agus cé nár imigh chuile dhuine tá laghdú ollmhór ar líon na léirsitheoirí atá fanta[1].

Ainneoin gur tugadh foláireamh do léirsitheoirí imeacht as lár Hong Cong faoina sé ar maidin, am na hÉireann, ní dhearna chuile dhuine sin. Tá cúpla céad duine fós i mbun léirsithe, ach i gcomparáid leis na mílte a bhí ar na sráideanna an tseachtain seo caite, is cosúil go bhfuil cúrsaí ag ciúnú.

Mic léinn a chuir tús leis an agóid breis is seachtain ó shin. Iad thar a bheith míshásta le plean rialtas na Síne chuile iarrthóir i dtoghchán Hong Cong in 2017 a mheas iad féin roimh ré, sula mbeadh cead acu seasamh san olltoghchán. Ach nuair a d'úsáid na húdaráis an lámh láidir ina n-aghaidh tháinig na mílte amach le tacú leis na mic léinn. Inniu d'fhill státseirbhísigh ar a gcuid oibre agus d'oscail meánscoileanna arís. Meastar gur lagmhisneach agus tuirse is mó atá tar éis an ruaig a chur ar na léirsitheoirí. Sin agus b'fhéidir cluas bhodhar na n-údarás i Hong Cong.

[1] Is leagan canúnach é seo. Is é *fágtha* an fhoirm chaighdeánach.